# Bainisteoir Tacaíochta Iarratas (Ceol agus Ceoldráma)

Próifíl an Róil

**A. Sonraí**

| | |
|---|---|
| Post: | Bainisteoir Tacaíochta Iarratas (Ceol agus Ceoldráma) |
| Grád: | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Fad: | Buan |
| Coibhéis Lánaimseartha: | Lánaimseartha (35 uair in aghaidh na seachtaine) |
| Ag tuairisciú do: | Stiúrthóir Taibhealaíon |

**B. Forbhreathnú ar an Ról**

Cumhdaítear raon leathan ealaíontóirí agus eagraíochtaí, agus lucht féachana fairsing dá réir sin, i bhfreagracht na Comhairle Ealaíon laistigh de réimse na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon. Mar an maoinitheoir is mó do réimse na foirme ealaíne/an chleachtais ealaíon go náisiúnta, tá freagracht ríthábhachtach ar an gComhairle Ealaíon le cinntiú go ndéanfar é a fhorbairt agus go n-infheisteofar maoiniú go ciallmhar agus go ndéanfar monatóireacht ar an infheistíocht sin.

Is deis spreagúil atá le fáil sa phost seo le rannchuidiú i mbainistíocht ceann amháin d'Fhoirne Ealaíon na Comhairle. Tháinig an post seo chun cinn mar gheall ar shocruithe oibre a athraíodh. Teastaíonn daoine breise atá oilte agus eolach chun tacú leis an bhfoireann mar méadaíodh tacaíochtaí forbartha, scéimeanna maoinithe agus buiséid na Comhairle Ealaíon. Tá an fhoireann freagrach as ceapadh beartais, tionscnaimh forbartha, bainisteoireacht maoinithe agus comhghaoil.

Ag oibriú go dlúth le Ceann buan na Foirne, déanfaidh an Bainisteoir Tacaíochta Iarratas líon sonraithe measúnuithe maoinithe agus deontais a bhainistiú, lena n-áirítear bainisteoireacht theoranta comhghaoil sa réimse ealaíne/cleachtais; an fhoireann Ealaíon a spreagadh agus comhoibriú leo; séala a chur le roinnt íocaíochtaí dámhachtana agus maoirseacht a dhéanamh ar na híocaíochtaí sin.

Beidh sealbhóir an phoist freagrach don Stiúrthóir Taibhealaíon agus beidh sé ina chomhpháirtí ag Ceann na Foirne ina fhreagrachtaí éagsúla, i mbainistíocht na foirne agus ball foirne eile chun tionscadail thraseagraíochtúla ar leith a chur chun feidhme d'fhonn cuspóirí na straitéise deich mbliana Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh a bhaint amach.

**C. Príomhfhreagrachtaí**

| Freagrachtaí an Bhainisteora Ghinearálta:- |
|---|
| • Cuidiú go gníomhach chun cuspóirí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon agus an straitéis deich mbliana Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh a chur i gcrích;<br>• Foirne an tionscadail a stiúradh trí shampla, daoine aonair a chur faoi oiliúint agus tacú leo de réir mar is gá;<br>• A bheith solúbtha agus toilteanach chun oiriúnaithe, agus oibriú go deimhneach ar son chur i bhfeidhm an athraithe;<br>• A bheith freagrach agus cuntasach as cuspóirí comhaontaithe a sheachadadh;<br>• Bainistiú rathúil a dhéanamh ar raon tograí difriúla agus gníomhaíochtaí oibre ag an am céanna;<br>• Obair a tharmligean go héifeachtach, faisnéis agus fianaise shoiléir a sholáthar maidir leis an méid atá ag teastáil;<br>• Fócas láidir ar fheidhmíocht ard agus ar sheachadadh seirbhíse a chleachtadh agus a chur chun cinn;<br>• Rannchuidiú le cinnteoireacht straitéiseach nuair is gá;<br>• Caidrimh inmheánacha agus sheachtracha a chruthú agus a chothú;<br>• Cinntí soiléire tráthúla a dhéanamh maidir le saincheisteanna tábhachtacha de réir mar is gá. |

| Freagrachtaí Sonracha an Bhainisteora Tacaíochta Iarratas:- |
|---|
| • A bheith mar chomhpháirtí ag Ceann na Foirne maidir le ceapadh beartais, tionscnaimh forbartha, bainisteoireacht deontas agus comhghaoil, d'fhonn cuspóirí straitéiseacha agus plean corparáideach na Comhairle Ealaíon a chur i bhfeidhm.<br>• Na baill foirne ealaíon sannta a threorú.<br>• Baill foirne a threorú, a spreagadh agus tacú leo (agus le comhairleoir(í) más infheidhmithe)<br>• Caidrimh mhaoinithe i do réimse a bhunú, a fhorbairt agus a bhainistiú, de réir mar a aontaítear iad.<br>• Réasúnaíocht agus moltaí maoinithe a sholáthar.<br>• Próifíl reatha agus treochtaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn a bhunú<br>• Saineolas agus intleacht a thabhairt chun tacú le ceapadh beartais agus straitéis iontaofa a fhorbairt.<br>• Tionscnaimh/cláir a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú<br>• Aon dualgais eile ábhartha don Ghrád a d'fhéadfaí a shannadh ó am go chéile |

**D. Scileanna, Eolas agus Taithí**

Riachtanach

- Cúig bliana ar a laghad de thaithí iomchuí;
- Tiomantas agus suim shoiléir i bhforbairt na foirme ealaíne seo;
- Tuiscint shoiléir ar an timpeallacht beartais maidir leis na healaíona a fhorbairt, go háirithe maidir leis an bhfoirm ealaíne seo agus a réimsí gaolmhara;
- Tuiscint dhomhain ar na príomh-shaincheisteanna straitéiseacha a bhaineann leis na healaíona a fhorbairt sa timpeallacht reatha;
- An cumas saincheisteanna a mheabhrú go hanailíseach agus smaointe casta a chur in iúl go soiléir;
- Scileanna maithe idirphearsanta, lean n-áirítear cumas éisteachta agus idirbheartaíochta;
- Fianaise ar thaithí/chumas i straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Fianaise ar thaithí/chumas i maoiniú agus caidrimh eile le cliaint a bhainistiú;
- Caighdeáin den scoth i gcumarsáid scríofa agus béil;
- Tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse poiblí;
- Cumas agus taithí chruthaithe i mbainistíocht agus i riarachán.

Inmhianaithe

- Taithí ar oibriú i dtimpeallacht idirnáisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs na foirme ealaíne / an chleachtais ealaíne ábhartha
- Ceadúnas tiomána iomlán
- An cumas feidhmiú i nGaeilge, idir labhairt agus scríobh

Cáilíochtaí

- Táthar ag súil go mbeidh an t-iarrthóir rathúil láidir go hacadúil, le bunchéim ar a laghad, agus b'fhearr go mbeadh cáilíocht iarchéime nó gairmiúil aige/aici i réimse ábhartha.

**Tabhair faoi deara: Tá róil agus freagrachtaí na Comhairle Ealaíon faoi réir athruithe de réir ceanglais agus forbairtí eagraíochtúla atá ar bun anois agus cinn amach anseo.**